# Gradaim an Mhéara
# The Mayor's Awards

Ag ceiliúradh gníomhaíochtaí deonacha i saol an phobail i gCathair na Gaillimhe
Celebrating voluntary activity in community life in Galway City

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



**Méara Chathair na Gaillimhe**
**An Clr. Clodagh Higgins**

Is iad Gradaim an Mhéara na gradaim bhliantúla is onóir a thugann aitheantas dóibh siúd a chuireann go mór le Cathair na Gaillimhe. Is deis bhliantúil iad na dámhachtainí seo chun daoine spreagthacha áitiúla agus grúpaí a sháraíonn ionchais chun tacú lenár bpobal a cheiliúradh.

Leis an gcuspóir “luach, tacaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar dheonacháin na n-oibrithe deonacha agus rannpháirtíocht i ngníomhaíocht dheonach a spreagadh”, fógraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe Fichiú Gradam an Mhéara. Iarrtar d’ainmniúcháin do dhaoine aonair nó do ghrúpaí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht dheonach a bhíonn ar siúl sa chathair i gceann de na catagóirí seo a leanas:

## Gradam na nEalaíon, Cultúir, Oidhreachta & Cúrsaí Gaeilge

Déanann an gradam seo ceiliúradh ar an méid a chuireann oibrithe deonacha le forbairt leanúnach na Gaillimhe mar Chathair a chuireann na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nádúrtha agus tógtha agus an Ghaeilge i gcroílár a saolta.

## Gradam Curaidh Comharsanachta/Pobail

Neartaítear an saol pobail sa Chathair ag an obair a dhéanann daoine aonair agus grúpaí thar raon gníomhaíochtaí i gceantair áitiúla chun an timpeallacht ina gcónaíonn siad a fheabhsú go fisiciúil. Tugann an dámhachtain seo aitheantas don ranníocaíocht seo.

## Gradam Seirbhíse Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta

Tugann an dámhachtain seo aitheantas don speictream leathan gníomhaíochtaí pobail a bhíonn ar siúl laistigh dár gCathair. Aithníonn sé freisin an obair dheonach a dhéanann grúpaí agus daoine aonair a d’oibrigh chun gach duine a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh inár sochaí.

## Gradam d’Oibrí Deonach Scothaosta na Bliana

Tá ionchur ár saoránach níos sine bunúsach dár bhforbairt mar chathair bhríomhar agus iontach, agus aithníonn an dámhachtain seo an méid a chuireann daoine os cionn 65 bliain d’aois lenár bpobal, le linn 2022 mar oibrithe deonacha, ina n-aonar nó i ngrúpaí.

## Gradam Inbhuanaitheachta ó thaobh an Chomhshaoil

Ag tógáil ar ainmniú Dhuilleog Ghlas Eorpach Chathair na Gaillimhe, tugann an dámhachtain seo aitheantas do oibrithe deonacha atá ag obair i dtreo torthaí comhshaoil níos fearr i gCathair na Gaillimhe.

## Gradam d’Oibrí Deonach Spóirt na Bliana

Tugann an dámhachtain seo aitheantas don chion luachmhar a dhéanann oibrithe deonacha dá bpobal áitiúil agus don chathair trína rannpháirtíocht agus a dtiomantas d’eagraíochtaí spóirt agus spóirt go ginearálta.

## Gradam Tacaíochta Leanaí agus Óige

Tugann go leor daoine a gcuid ama chun tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ar fud na cathrach in áineas agus gníomhaíochtaí eile. Aithníonn an duais seo an obair sin.

## Gradam d’Oibrí Deonach Óg na Bliana

Déanann an chatagóir seo ceiliúradh agus aitheantas ar an obair a dhéanann daoine faoi 25 bliana d’aois mar oibrithe deonacha le grúpaí éagsúla ó eagraíochtaí óige go grúpaí tacaíochta go comhlachtaí ionadaíocha.

## Gradam Oibrí Deonach na Bliana Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tabharfar an dámhachtain seo do dhuine amháin a ainmneofar i gcatagóir eile.

Gheobhaidh gach duine de bhuaiteoirí na ngradam bronntanas comórtha agus íocaíocht €500. Gheobhaidh gach duine de na hainmnithe teastas ó Mhéara Chathair na Gaillimhe ag Searmanas Bronnta mar aitheantas ar a ngníomhaíocht dheonach i saol an phobail ar fud na cathrach.

Más mian leat duine, grúpa nó eagraíocht dheonach a ainmniú le haghaidh aon cheann de na catagóirí gradaim seo comhlánaigh foirm ainmniúcháin ar líne ag **www.galwaycity.ie/MayorsAwardsNomination**

Déanann painéal breithniú, faoi chathaoirleacht Mhéara Chathair na Gaillimhe, ar na hainmniúcháin ar fad, agus bunaithe ar a bhfuil sna foirmeacha ainmniúcháin a chuirtear isteach ar líne.

Is é an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán ná **4in Dé hAoine 24 Márta 2023**.

Bronnfar na gradaim ag searmanas ar an gCéadaoin 24 Bealtaine 2023 in Óstán Cuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá, Gaillimh agus tabharfar cuireadh do gach Ainmnitheach agus Ainmnitheoir freastal air.

Tá foirmeacha ainmniúcháin ar fáil ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, Leabharlanna Chathair na Gaillimhe nó ó www.galwaycity.ie.

Seol foirmeacha ainmniúcháin chuig: **Liam Kitterick/Emma Johnston, f/ch Gradaim an Mhéara**, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. Teileafón 091 536808/091 536358 nó ríomhphost mayorsawards@galwaycity.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Ghradaim an Mhéara cuir ríomhphost chuig Liam/Emma ar **mayorsawards@galwaycity.ie**




## Buaiteoirí Ghradaim an Mhéara 2021

**Oibrí Deonach na Bliana de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**
Bhí **Catherine Moore Temple** mar Oibrí Deonach na Bliana de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2021 ag an bhFichiú Gradam Méara Bliantúil do Chathair na Gaillimhe. Bronnadh naonúr buaiteoirí i gcatagóirí eile ar an lá, thar raon an-ilghnéitheach réimsí, agus bhí tionchar suntasach acu ar fad ar fud Chathair na Gaillimhe.
Seo a leanas buaiteoirí na ngradam i ngach catagóir:

**Gradam na nEalaíon, Cultúir, Oidhreachta agus Cúrsaí Gaeilge**
**Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig**

**Gradam Cónaitheoirí & Ceantair Áitiúla**
**Cumann na nÁitritheoirí Pháirc Sheáin Uí Chuagáin**

**Gradam Aonair Seirbhíse Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta**
**Saibh Egan**

**Gradam Grúpa Sheirbhíse Phobail agus Ionchuimsiú Sóisialta**
**Access for All**

**Gradam d'Oibrí Deonach Scothaosta na Bliana**
**Evelyn Moran**

**Gradam d'Oibrí Deonach Spóirt na Bliana**
**Club Peile agus Spóirt Merlin Woods**

**Gradam Tacaíochta Leanaí agus Óige**
**A.S.S.C**

**Gradam d'Oibrí Deonach Óg na Bliana**
**Comhairle na nÓg**

**Gradam Inbhuanaitheachta ó thaobh an Chomhshaoil**
**Gairdín Orgánach Pobail an Taobh Thiar**